# Tidy Towns Competition 2007

## *Adjudication Report*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Centre: | **Cuil Aodha** | Ref: | **858** |
| County: | **Cork (West)** | Mark: | **213** |
| Category: | **A** | Date(s): | **25/06/2007** |

| | Maximum Mark | Mark Awarded 2007 |
|---|---|---|
| Overall Development Approach | 50 | 39 |
| The Built Environment | 50 | 28 |
| Landscaping | 50 | 25 |
| Wildlife and Natural Amenities | 50 | 17 |
| Litter Control | 50 | 28 |
| Waste Minimisation | 20 | 10 |
| Tidiness | 30 | 14 |
| Residential Areas | 40 | 21 |
| Roads, Streets and Back Areas | 50 | 24 |
| General Impression | 10 | 7 |
| **TOTAL MARK** | **400** | **213** |

### Overall Development Approach:

Go raibh maith agaibh as bhur n-iarratas a bhí lán le heolas agus as an léarscáil agus nuachtlitir úsáideach. Is maith an rud é a thabhairt ar aird gur cur chuige uilechuimsitheach atá ag pobal Chúil Aodha maidir leis an sráidbhaile a fheabhsú do gach duine! Is cuid an-thábhachtach de bhur gcuid oibre í an obair leanúnach a dhéanann sibh leis an Scoil Náisiúnta agus moltar go mór í. Is slí iontach é an Nuachtlitir chun buíochas a ghabháil le gach duine as ucht a gcuid oibre agus chun spreagadh na ndaoine a choimeád ag imeacht. An ndeachaigh sibh i dteagmháil le cónaitheoirí nua maidir le dul isteach ar bhur gcoiste?

### The Built Environment:

Tá sraith d'fhoirgnimh phoiblí agus meascán de thithe cónaitheacha idir thithe nua-aimseartha agus thithe ó réanna eile i gCúil Aodha. Bhí balla an tSéipéil dea-phéinteáilte, mar a bhí an linn snámha agus na leithris phoiblí. D'fhéadfaí cóta úr péinte a chur ar an Áras roimh chomórtas na bliana seo chugainn, áfach. Cuireann balla cloiche dea-chothabháilte leis an éadan carraige ag Cois Loca. Baineann sraith d'fhoirgnimh tréigthe ón éifeacht fhoriomlán, faraor – b'fhéidir go mbeadh suim ag na leanaí scoile múrmhaisiú a phéinteáil ar an teach os comhair an tséipéil, má thugann an t-úinéir cead?

### Landscaping:

Tá Cúil Aodha lonnaithe i dtírdhreach garbh nádúrtha, agus mar sin ní theastaíonn an iomarca tírdhreachaithe uaidh. Bhí sraith coimeádán plandaí suite go straitéiseach lasmuigh de na leithris phoiblí agus de na foirgnimh thréigthe, agus chuir siad feabhas ar an gcuma a bhí orthu. Thaitin an ceapach bláthanna ag an mbosca poist go mór linn. Bhí ceapach mór bláthanna ag an gcrosbhóthar ag bun an chlaí éifeachtach freisin agus bhí na ceantair fhéaracha coinnithe go maith. Luaigh sibh san fhoirm iarratais gur phlandáil sibh bléibíní Earraigh agus moltar sibh as ucht ábhar spéise agus dath a chruthú lasmuigh de mhíonna an tSamhraidh.

**Wildlife and Natural Amenities:**

Cé go bhfuil an obair a dhéanann sibh sa réimse seo, maidir le neadú agus an obair leanúnach ar fhálta sceacha inmholta, is iomaí deis eile atá ann marcanna a ghnóthú sa chatagóir seo. B'fhéidir go bhféadfadh na leanaí scoile iniúchadh a dhéanamh ar na flora agus fauna áitiúil?

**Litter Control:**

Níl fadhb ar bith ag Cúil Aodha maidir le smacht ar bhruscar. Tá torthaí maithe le feiceáil ón nglanadh bliantúil agus ó phatróil seachtainiúla na leanaí scoile agus an cúnamh a thugann siad!

**Waste Minimisation:**

Tá an obair leanúnach a dhéanann sibh ar dhaoine a spreagadh chun níos mó úsáide a bhaint as an mbanc tabhartha le moladh. Tá sibh ag iarraidh cur leis na saoráidí athchúrsála sa sráidbhaile, rud nach gcuireann iontas orainn; níl aon stop le bhur ndíograis!

**Tidiness:**

Chuirfeadh dromchla nua ar an bpíosa talún pábháilte ag an bpointe athchúrsála go mór le feabhas a chur ar shlachtmhaireacht an tsráidbhaile, go háirithe os rud é go bhfuil sé lonnaithe go lárnach ann. Tá cuma ghlan úr ar an sráidbhaile é féin agus is léir go gcuirfidh obair fhoirgníochta le cuma fhoriomlán Chúil Aodha sna blianta amach romhainn. Cinntígí go mbíonn na ballaí binne ar áitribh thráchtála agus ar thithe cónaitheacha á bpéinteáil. Dealraíonn sé go dtuigeann sibh go maith cad a theastaíonn chun cuma an tsráidbhaile a fheabhsú agus is cuid lárnach de sin a bheith ag brath ar ghníomhaíochtaí seachtracha. Mar sin, beidh na torthaí le feiceáil tar éis brú leanúnach a chur ar na gníomhaíochtaí sin.

**Residential Areas:**

Bhí cuma den chéad scoth ar Coolmore agus ar an teach in aice leis lá an bhreithnithe. Bhí an gáirdín chun tosaigh agus, go deimhin, taobhanna an bhóthair, glan agus néata agus thaitin an caidéal dearg athchóirithe go mór linn. Bhí Tig na Croise ag féachaint go maith freisin agus tá taispeántais de bhláthanna buana agus séasúracha ann, le go mbeidh a n-éifeacht le braith i rith na bliana go léir. Bhí an trí theach cónaithe nua dea-phéinteáilte agus táthar ag súil go mór le críochnú an limistéir chun tosaigh.

**Roads, Streets and Back Areas:**

Tá cuma mhaith ar an bpríomhbhealach isteach chuig Cúil Aodha agus thaitin an comhartha ar a bhfuil eochracha na tribile go mór linn. Bhí an lána in aice an droichid bhig sách míchothrom agus cuma chontúirteach air le fána ghéar ag titim síos chun an tsrutháin agus ba chóir é sin a dhéanamh slán. Bhí na ciumhaiseanna ar chuid de na mionbhóithre isteach beagán fiáin.

**General Impression:**

Thar barr! Gan dabht d'fhéadfaí feabhas a chur ar chúrsaí i gCúil Aodha ach dealraíonn sé go bhfuil na réimsí lena mbaineann fadhbanna aitheanta cheana féin ag bhur gcoiste airdeallach agus go réiteofar iad in am agus i dtráth. Is léir ó bhur ndíograis agus go mbíonn sibh ag féachaint chun cinn. Coinnígí oraibh!